



MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 17 Meán Fómhair 2026

Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhálartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2026/4)

(C/2026/5157)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 3, agus 16 go 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽³⁾, agus go háirithe Teideal VII, Caibidil 4, Roinn I de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun éifeachtacht agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach beart beartais macrastuamachta náisiúnta a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú le cómhálartacht dheonach.
- (2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁵⁾ a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.
- (3) An 29 Meitheamh 2026 ⁽⁶⁾, thug Aireacht Cánachais agus Fáis Eacnamaíoch na Danmhairge, ag gníomhú di mar údarás ainmnithe chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aici ráta maolán um priacal sistéamach earnála (sectoral systemic risk buffer, syRB) a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 133 den Treoir sin. Baineann an fógra le coigeartú ar bheart atá i bhfeidhm faoi láthair, ar tugadh fógra ina leith do BERS den chéad uair an 10 Deireadh Fómhair 2023. Tar éis an fhógra sin, d'eisigh BERS Tuairim BERS/2023/12 ⁽⁷⁾ inar mheas sé go raibh údar leis an mbeart, go raibh sé comhréireach, éifeachtach agus éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ar dhírigh sé orthu. D'údaraigh an Coimisiún Eorpach glacadh an bheart beartais macrastuamachta, nár gníomhachtaíodh i ndáiríre é. Rinneadh é a mhodhnú ina dhiaidh sin, rud a spreag fógra breise do BERS an 7 Meitheamh 2024. Mheas BERS nach raibh sa choigeartú sin ach miondiall ón mbeart ar tugadh fógra ina leith an 10 Deireadh Fómhair 2023.

⁽¹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/1994/1/oj.

⁽²⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj>.

⁽³⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>.

⁽⁴⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

⁽⁵⁾ Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

⁽⁶⁾ Rinneadh an fógra a nuashonrú agus a atarchur ina dhiaidh sin an 3 Iúil 2026.

⁽⁷⁾ Tuairim BERS/2023/12 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 16 Samhain 2023 maidir le fógra ón Danmhairg faoi ráta maolánach um riosca sistéamach a shocrú nó a athshocrú de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa. Ar fáil ar shuíomh Gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu.

- (4) Is maolán um riosca sistéamach eárnála (sectoral systemic risk buffer, SyRB) de 7 % é an beart macrastuamachta ar tugadh fógra ina leith an 29 Meitheamh 2026 is infheidhme maidir le gach institiúid creidmheasa atá údaraithe sa Danmhairg, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite. Beidh feidhm aige maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn san eárnáil réadmhaoine a shainaithnítear ar bhonn aicmiú staidrimh a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾.
- (5) Tá an beart beartais macrastuamachta coigeartaithe éagsúil leis an mbeart ar tugadh fógra ina leith an 7 Meitheamh 2024 i dtrí ghné: (i) déantar an chuid de neamhchosaint atá eisiata ó chur i bhfeidhm an sSyRB a mhéadú ó raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 15 % go raon idir 0 % agus 30 %; (ii) go n-áirítear forlíontáin a bhaineann le samhlacha inmheánacha bunaithe ar rátálacha (internal ratings-based, IRB) i ríomh na neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca atá mar bhonn leis an mbeart seo; agus (iii) eisiatar an fho-earnáil 'gníomhaíochtaí réadmhaoine ar bhonn táille nó conartha' ó chur i bhfeidhm an bhirt. Tá feidhm ag an mbeart sSyRB ón 30 Meitheamh 2026. Déanfaidh an t-údarás ainmnithe, atá ag gníomhú amhlaidh chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, athbhreithniú ar an mbeart dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis an chéad uair ar cuireadh i bhfeidhm é.
- (6) Ós rud é nach méadaítear suim ráta maolánach na nInstitiúidí Domhanda agus Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (G-SII/O-SII) ná an ráta maolánach um riosca sistéamach i gcás aon bhanc aonair, ní gá údarú a fháil ón gCoimisiún le haghaidh an bhirt choigeartaithe. Thairis sin, is é tionchar foriomlán an bhirt choigeartaithe beartais macrastuamachta an beart atá i bhfeidhm a scaoileadh — toisc go laghdaíonn sé an caipiteal is gá don mhaolán faoi thart ar 24 %.
- (7) An 29 Meitheamh 2026, chuir Aireacht Cánachais agus Fáis Eacnamaíoch na Danmhairge iarraidh faoi bhráid BERS freisin go molfáí cómhálartú an bhirt beartais macrastuamachta coigeartaithe i gcomhréir le hAirteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.
- (8) Tá an beart atá i bhfeidhm faoi láthair san áireamh i liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar le haghaidh cómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2 agus a mholtar le haghaidh cómhálartú ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite. Tar éis fógra a thabhairt do BERS an 10 Deireadh Fómhair 2023, moladh ar dtús cómhálartú a dhéanamh trí Mholadh BERS/2023/13 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁹⁾ a ghlacadh an 8 Nollaig 2023, agus ansin trí Mholadh BERS/2024/3 a ghlacadh ⁽¹⁰⁾ an 8 Iúil 2024.
- (9) Moltar i Moladh BERS/2015/2, arna leasú le Moladh BERS/2017/4 ⁽¹¹⁾, gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhachtaíonn beart beartais macrastuamachta, nuair a bhíonn iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid BERS aige, tairseach ábhartha a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas gur neamhchosaint neamhábhartha í neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtúcháin an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (10) Tar éis iarraidh a fháil ó Aireacht Cánachais agus Fáis Eacnamaíoch na Danmhairge ar BERS go ndéanfaí an beart a chómhálartú agus chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a áirithiú go léireofar na coigeartuithe ar bheart macrastuamachta na Danmhairge a dtugtar tuairisc air thuas; agus (ii) cosc a chur ar theacht chun cinn éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceite agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta is infheidhme sa Danmhairg, chinn Bord Ginearálta BERS leanúint den bheart a áireamh ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2 agus a mholadh go ndéanfaí an beart a choigeartú i gcomhréir leis an bhfógra ón Aireacht Cánachais agus Fáis Eacnamaíoch na Danmhairge.

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe ar réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj>).

⁽⁹⁾ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (BERS/2023/13) (IO C, C/2024/3114, 6.5.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3114/oj>).

⁽¹⁰⁾ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 8 Iúil 2024 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (BERS/2024/3) (IO C, C/2024/5044, 16.8.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/5044/oj>).

⁽¹¹⁾ Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhálartacht dheonach na mbeart sin (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

(11) Chinn Bord Ginearálta BERS freisin a mholadh maidir le huastairseach ábharthachta institiúidsonrach EUR 200 milliún a choimeád chun cur i bhfeidhm an phrionsabail de minimis a stiúradh trí Bhallstáit chómhalartúcháin. Féadfaidh na húdaráis ábhartha a dhéanann an beart a chómhalartú institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas earnála maoláin um priacal sistéamach ar choinníoll nach mó a neamhchosaintí ábhartha ná EUR 200 mhilliún.

(12) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

LEASUITHE

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar seo a leanas:

(1) i Roinn 1, fomholadh C(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin Danmhairg:

‘— ráta maolánach um riosca sistéamach earnála 7 % ar gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorparáidí neamhairgeadais a oibríonn i ngníomhaíochtaí réadmhaoine arna sainaithint ar bhonn aicmiú staidrimh a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de chomhlachais tithíochta sóisialta agus comharchumainn tithíochta, agus “gníomhaíochtaí réadmhaoine ar bhonn táille nó conartha”, agus gan an chuid de gach neamhchosaint atá sa raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 30 % a áireamh ó raon feidhme na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an maolán um riosca sistéamach earnála maidir leo.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 17 Meán Fómhair 2026.

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin Danmhairg:

Ráta maolánach 7 % um riosca sistéamach earnála ar gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorpáidí neamhairgeadais a oibríonn i gníomhaíochtaí réadmhaoine a shainaithnítear ar bhonn aicmiú staidrimh a gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de chomhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta, agus “gníomhaíochtaí réadmhaoine ar bhonn táille nó conartha”, agus gan an chuid de gach neamhchosaint atá sa raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 30 % a áireamh ó raon feidhme na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an maolán um riosca sistéamach earnála maidir leo.

- (2) faoin Danmhairg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal ‘I. Description of the measure’:

I. Cur síos ar an mbeart

1. Beidh feidhm ag an ráta maolánach um riosca sistéamach earnála 7 % maidir le gach institiúid creidmheasa intíre.
2. Beidh feidhm aige maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg ar chorpáidí neamhairgeadais a oibríonn i gníomhaíochtaí réadmhaoine seachas comhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta, agus gníomhaíochtaí réadmhaoine ar bhonn táille nó conartha. Sonraítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha an fhéichiúnaí trí thagairt d’aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 (*).
3. Déantar an chuid de gach neamhchosaint atá laistigh de raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 30 % a eisiamh ó raon na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag an maolán um riosca sistéamach earnála maidir leo.
4. Beidh feidhm ag an mbeart ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite.’

(*) Tá cinneadh na bhfothacar sonracha de neamhchosaintí earnála a gcuirfeadh sSyRB i bhfeidhm ina leith bunaithe ar Threoirlínte ÚBE maidir leis na fothacair iomchuí de neamhchosaintí earnála a bhféadfaidh údarais inniúla nó údarais ainmnithe maolán um priacal sistéamach a chur i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 133(5)(f) de Threoir 2013/36/AE (EBA-GL-2020-13), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag: www.eba.europa.eu.

- (3) faoin Danmhairg, an roinn dar teideal ‘II. Reciprocation’, cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

II. Cómhalmartú

5. Moltar d’údaráischómhaltartúcháin ábhartha beart na Danmhairge a chómhalmartú trína chur i bhfeidhm maidir le gach cineál neamhchosanta atá lonnaithe sa Danmhairg maidir le corparáidí neamhairgeadais atá i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha, a chinntear mar seo a leanas: “Gníomhaíochtaí réadmhaoine” de réir chód NACE Ath. 2.1 “M” (*), seachas comhlachais tithíochta sóisialta agus comhlachais comharchumann tithíochta, agus gníomhaíochtaí réadmhaoine ar bhonn táille nó conartha. Ó na neamhchosaintí sin, ba cheart an chuid de gach neamhchosaint atá laistigh den raon cóimheasa iasachta/luacha idir 0 % agus 30 % a dhealú.
6. Arna iarraidh sin d’Aireacht Cánachais agus Fáis Eacnamaíoch na Danmhairge, moltar do na húdarais ábhartha beart na Danmhairge a chómhalmartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn aonair agus comhdhlúite.
7. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdarais chómhalmartúcháin ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéis leis an mbeart a mholtar maidir le cómhalmartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE.

8. Moltar do na Ballstáit beart a chómhálartú laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.’

(*) NACE Ath. 2.1 Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach, Eurostat, Lucsamburg, 2025.

- (4) faoin Danmhairg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an roinn dar teideal ‘III. Materiality threshold’:

‘III. Tairseach ábharthachta

9. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá institiúid sonrach bunaithe ar neamhchosaintí atá lonnaithe sa Danmhairg chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail de minimis ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach earnálach ar choinníoll nach sáraíonn a risíochtaí earnála ábhartha EUR 200 milliún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 0,3 % d’iomlán na risíochtaí ar chuideachtaí réadmhaoine sa Danmhairg. Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an tairseach ábharthachta, féadfar na neamhchosaintí a iontráladh faoi “g[h]níomhaíochtaí réadmhaoine” sa Danmhairg i dteimpléad FINREP F 20.07.1 a úsáid mar ionadú le haghaidh na neamhchosanta ar chuideachtaí réadmhaoine. Ba cheart cómhálartú a dhéanamh ar an sSyRB má chomhlíontar an tairseach ábharthachta agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite agus ar bhonn aonair. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an tairseach ábharthachta ar bhonn comhdhlúite, ba cheart na neamhchosaintí iomlána trí bhrainsí, iasachtú díreach trasteorann, agus fochuideachtaí a chur san áireamh.
10. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is ionann an tairseach ábharthachta EUR 200 milliún agus leibhéal uasta tairsí atá molta. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhálartú tairseach níos ísle a shocrú dá ndlínsí i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta. Agus an tairseach ábharthachta á socrú, ba cheart d’údaráis ábhartha breithniú a dhéanamh ar neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa Danmhairg agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil sé neamhabhartha.
11. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaráithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha sa Danmhairg acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na Danmhairge a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Danmhairge a chómhálartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa na tairseacha ábharthachta faoi seach.’.